



BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

Tuarascáil Bhliantúil

2006



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2006

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismi Muiri (BITM) ar an 25 lá de Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil ach ag Bord Imscrúdú Taismi Muiri amháin áta i d'teideal ar an gcóipcheart de réir Alt 35(5) d'Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil cead ag éinne aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeath, a chur i gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leightreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

is féidir le lucht oideachais úsáid a bhaint den tuairisc seo le haghaidh aidhmeanna oideachais.

Clár

Rannán 1

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta	4/5
Imscrúduithe agus Tuarascálacha	6
Reamhrá	7
Achoimre ar theagmhais a tharla idir 1ú Eanáir agus 31ú Nollaig 2006	8/9
Achoimre ar thuarascálacha a foilsíodh le linn na bliana 1ú Eanáir agus 31ú Nollaig 2006	10/11
Sampla de chás a foilsíodh le linn na bliana 1ú Eanáir agus 31ú Nollaig 2006	12
Comparáidí de thaismigh mhuirí a tharla le linn 2002, 2003, 2004, 2005 agus 2006	13
Comparáid idir tuarascálacha BITM a foilsíodh do na bliana 2002, 2003, 2004, 2005 and 2006	14

Rannán 2

Ráitis Airgeadais don tréimhse 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2006	15
--	----

Ráiteas an Chathaoirligh



John G. O'Donnell, B.L.
Cathaoirleach

A Aire Uasail,

Is cúis mhór áthais dom an 4ú Thuarascáil Bhliantúil don Bhord Imscrúdú Taisní Muirí (BITM) a chur ar fáil.

Sa bhliain 1ú Eanáir - 31ú Nollaig 2006, bhí baint ag dhá ártach dhéag le teagmhais inar chaill deichniúr a saolta go tubaisteach. Tá comparáid idir an bhliain seo agus na blianta 2002 - 2005 leagtha amach ar leathanach 14 den tuarascáil seo agus is féidir achoimre a dhéanamh ar an gcomparáid mar seo a leanas:-

	2002	2003	2004	2005	2006
TEAGMHAIS	8	17	15	11	11
BÁSANNA	7	12	14	8	10
GORTUITHE	2	2	2	0	1
ÁRTHAÍ I gCEIST	9	18	17	11	12

Is fiú a rá gurb iad Feithiclí Scairdsciála, Árthaí Caitheamh Aimsire agus Árthaí Iascaireachta a bhí i gceist sna teagmhais uile a tharla i 2006.

Tugann an MCIB faoi deara go bhfuil méadú ag teacht ar líon na bhFeithiclí Scairdsciála agus Árthaí Caitheamh Aimsire a úsáideann ár n-uiscí. Tá imní orainn nach bhfuil oiliúint cheart faighte ag cuid de na daoine a úsáideann na hárthaí seo nó nach bhfuil a meabhair ar an sábháilteacht. Thairis sin ní mór do hÚdarás Áitiúla a gcumhachtaí a fheidhmiú faoin Acht um Shábháilteacht Mhuirí 2005 agus ní mór dóibh ach go háirithe fodhlíthe a dhéanamh maidir le hárthaí dá leithéid a rialáil agus a rialú laistigh dá limistéir feidhme. Ní mór do na daoine a úsáideann árthaí dá leithéid eolas a bheith acu ar an reachtaíocht agus ar na rialacháin iomchuí. Is doiciméad fíorluachmhar é an "Cód Cleachtas d'Ártach Caitheamh Aimsire a Oibriú go Sábháilte" foilsithe ag an Ardstiúrthóireacht um Shábháilteacht Mhuirí agus ag Gardaí Cósta na hÉireann agus ní mór do na daoine uile a úsáideann árthaí dá leithéid an doiciméad seo a léamh.

Tugaim faoi dheara, le aláram, an meid uimhir bás san earnáil iascaireacht, go mór mhór san 15 - 24 mheadar bád iascaireacht. Ní mór gníomh práinneach a dhéanamh chun feabhas ar sábháilteacht ar earnáil loingear seo.

Is súil againn go n-úsáidfeair na moltaí seo agus na moltaí éagsúla inár dturascálacha chun sábháilteacht níos fearr a bhaint amach dóibh siúd a úsáideann ár n-uiscí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís le Comhaltaí an Bhoird (seanchomhaltaí agus comhaltaí reatha araon) as an móriarracht a rinne siad chun an riaráiste cásanna a réiteach agus chun leibhéal gníomhaíochta inghlactha a bhaint amach don Bhord. Bhí na comhaltaí sásta a gcuid ama a chaitheamh go díograiseach chun a gcuid oibre a dhéanamh go dtí seo, agus ba chóir iad a mholadh ar seo. Ba mhaith liom béim a leagadh ar an sáróbar a rinne ár n-imscrúdaitheoirí a bhí freagrach as na himscrúduithe uile a dhéanamh agus is mian liom buíochas an bhoird a chur in iúl maidir leis an mbealach ina dtéann siad i mbun a gcuid oibre. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil frieisin leis an Rúnaíocht as an obair agus an tiomantas a sholáthair siad. Ní bheimis in ann ár gcuid oibre a dhéanamh gan an sáróbar a rinne an Rúnaíocht.

JOHN G. O'DONNELL, B.L.
CHATHAOIRLIGH

Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



Cathaoirleach:
An tUas. John G. O'Donnell, B.L.



Leas-Chathaoirleach:
Iníon Sinéad Brett, B.C.L., LL.M



Comhaltaí an Bhoird:
An tUas. Thomas R. Power



Comhaltaí an Bhoird:
**An tUas. Brian Hogan,
Príomhshuirbhéir**



Comhaltaí an Bhoird:
An tUas. Martin Diskin

Rúnaí: Iníon Bridie Cullinane

Rúnaíocht: Iníon Helena Murphy

Oifig Chláraithe Lána Chill Mochargán
Baile Átha Cliath 2.

Guthán: 01 - 6782460/61

Facs: 01 - 6783129

R-Phoist: info@mcib.ie

Suíomh Gréasáin: www.mcib.ie

Iniúchóirí: An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste
Foirgneamh an Stáitchiste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí Imscrúdú), 2000.

Feidhm an Bhoird

Tá sé mar fheidhm ag an BITM imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainítear in Alt 2 den Acht.

Is éard is brí le Taisme Muirí ná imeacht nó próiseas is cúis le nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le:

- (a) bás duine nó gortú trom;
- (b) duine a chailliúint thar bord;
- (c) ártach nó maoin a chailliúint nó a shuí, damáiste a dhéanamh dóibh nó bualadh futhu;
- (d) nó mórdhamáiste don chomhshaol,

a bhaineann le feidhmiú na n-árthaí seo a leanas:

- (i) ártach in uiscí Éireannacha;
- (ii) ártach cláraithe in Éirinn, gan spleáchas do na huiscí ina bhfuil sé; nó
- (iii) ártach a bhíonn in uiscí Éireannacha nó feistithe iontu atá faoi rialú ag cónaitheoir an Stáit, in uiscí idirnáisiúnta atá gar d'uisce Éireannacha.

Tá sé mar chuspóir ag gach imscrúdú:

1. Cúis no cúiseanna a bhunú do thaismeach muirí.
2. Tuairisc a thabhairt ar an dtaismeach muirí d'fhonn moltaí a dhéanamh chun taismí muirí dá shamhail a sheachaint.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara NACH ndéantar imscrúdú chun an locht a fhágáil ar dhuine nó chun duine a fháil ciontach. Ní dhéanann an Bord daoine a ionchúiseamh. Tá comhlachtaí reachtúla, An Garda Síochana, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta srl., freagrach as aon ionchúiseamh a bhaineann le taismeach.

Stádas

Is comhlacht neamhspleách é an BITM a fhaigheann maoiniú ón Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Seoltar cóip den tuarascáil deiridh do gach imscrúdú don Aire chun breithniú a dhéanamh ar na moltaí inti. Cuirtear an tuarascáil deiridh ar fáil saor in aisce don phobal (ar iarratas) nó is féidir í a rochtain ar shuíomh gréasáin an BITM ag www.mcib.ie

Imscrúdaithe agus Tuarascálacha 2006



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2006

Reamhrá

Ó tháinig an Bord le chéile don chéad uair i 2002 imscrúdaíodh agus foilsíodh nócha a ceathair chás. Taispeánann na staitisticí seo a leanas na cineálacha árthaí difriúla a bhí i gceist agus cad ba chúis le gach teagmhas agus tabharfaidh siad léargas de chineál éigin don léitheoir i leith réim feidhme agus obair an Bhoird agus a Imscrúdaitheoirí.

Le linn na tréimhse dhá mhí dhéag ón 1ú Eanáir go dtí an 31ú Nollaig 2006, foilsíodh naoi dtuarascáil. Cuireadh tús le himscrúdú a dhéanamh ar aon deag thaismeach muirí nua. Ina theannta sin tugadh faoi cúig réamhimscrúdú.

Bhi níos mó ná dhá cead fiosrucháin riarthach ag an Bord Imscrúdú Taismi Muiri le linn na bliana.

Achoimre ar Theagmhais a Tharla Idir 2006

1ú Eanáir agus 31ú Nollaig 2006

AINM	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁIL ÁRTHAIGH	CINEÁIL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS	CÚIS AN TEAGMHAIS
Badh Canúire ar Loch Deirgeirt, Co. an Chláir (BITM/121)	05.12.2006	Árthach Caitheamh Aimsire Canú	Iompú béal faoi	Ar 22.01.2006 chuaigh beirt ag canúáil i gcanú Ceanadach oscailte. Bhí deacrachtaí acu agus bádh duine amháin.	Bás amháin	Duine thar bord
Maggie B (BITM/122)	-	Árthach lascaireachta (15 - 24 mhéadar)	Chuaigh an tÁrthach go Tóin Poill	Ar 28.03.2006 d'fhág an t-árthach seo Cé na Cille Móire, Co. Loch Garman le triúr chríú chun dul ag iascaireacht. Ar 29.03.2006 chuaigh an seomra innill faoi uisce agus thosaigh an t-árthach ag dul go tóin poill chomh maith. D'éirigh le duine amháin fanacht beo agus tá an bheirt eile fós ar iarraidh.	2 Bhás	Faoi Imscrúdú
Nausicaa (BITM/123)	-	Árthach lascaireachta (15 - 24 mhéadar)	Duine Thar Bord	Ar an 18.04.2006 chuaigh duine thar bord ó Árthach lascaireachta 15 mhíle soir ó Cheann Chlochair.	Bás amháin	Faoi Imscrúdú
Dinish (BITM/125)	-	Árthach lascaireachta (>24 mhéadar)	Chuaigh an tÁrthach go Tóin Poill	Ar 26.05.2006 chuaigh an t-árthach seo go tóin poill siar ó dheas ó na hOileáin Scilly. Tá triúr fós ar iarraidh.	3 Bhás	Faoi Imscrúdú
Felucca (BITM/126) Teagmhas Thrácht Árthaigh i gCalafort Bhaile Átha Cliath	-	Árthach lascaireachta (>24 mhéadar) Long Phaisinéirí Róró Ardluais	Suí	Ar 03.06.2006 tharla teagmhas inar suíodh árthach iascaireachta, 3 long phaisinéirí róró agus long phaisinéirí ardluais.	Dada	Faoi Imscrúdú
Emerald Star (BITM/127)	-	Árthach Caitheamh Aimsire Oscailte/ Mótair	Sceitheadh	Ar 01.07.2006 thosaigh bád ar cíos ag tógáil uisce. Sábháladh cúige ar ón árthach, tarraingíodh é go fánán in aice láimhe agus tógadh ón uisce é.	Dada	Faoi Imscrúdú
Teagmhas Feithicle Scairdsciála i Loch Bhéal Trá (BITM/128)	-	Árthach Caitheamh Aimsire Feithicil Scairdsciála	Bá	Ar 06.08.2006 chuaigh beirt fhear amach ar fheithicle scairdsciála ar Loch Bhéal Trá, Co. Mhaigh Eo. Bhí deacrachtaí acu agus bádh fear amháin.	Bás amháin	Faoi Imscrúdú

AINM	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁIL SOITHIGH	CINEÁIL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ BÁS	CÚIS TEAGMHAIS
Teagmhas i mBaile Chaisleáin Bhéarra Co. Chorcaí (BITM/129)	-	Árthach Caitheamh Aimsire Bád Oscailte	Iompú béal faoi	Ar 18.09.2006 d'fhág beirt fhear Baile Chaisleáin Bhéarra chun dul ag iascaireacht do ribí róibéis. Caitheadh iad ón mbád toisc thonn mhór agus fuair fear amháin bás.	Bás amháin	Faoi Imscrúdú
Teagmhas Feithicle Scairdsciála i gCuan Cashla (BITM/131)	-	Árthach Caitheamh Aimsire Feithiclí Scairdsciála	Imbhualadh	Ar 03.10.2006 bhail 2 fheithicil scairdsciála faoina chéile i gCuan Cashla.	Gortú duine amháin	Faoi Imscrúdú
Boyne Harvester (BITM/132)	-	Árthach Iascaireachta (<15 mheadar)	Fear thar bord	Ar 01.11.2006 thit fear thar bord ón MFV Boyne Harvester	Bás amháin	Faoi Imscrúdú
Currach Dubh (BITM/133)	-	Árthach Caitheamh Aimsire	Iompú béal faoi	Ar 28.12.2006 d'iompaigh currach béal faoi le daoine ar bord amach ón chósta thiar.	Dada	Faoi Imscrúdú

Achoimre ar Thuarascálacha a Foilsíodh le linn na Bliana 2006

1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2006

AINM	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁIL ÁRTHAIGH	CINEÁIL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS	CÚIS AN TEAGMHAIS
Bádhdh duine ag Baile Uí Choileáin (BITM/115)	02.06.2006	Árthach Caitheamh Aimsire Bád Oscailte	Bá	Ar 21.08.2005 bhí fear ag iascaireacht amach ó Choinicéar Bhaile Thaidhg, Co. Loch Garman. Fuarthas a chorp ar 31.08.2005	Bás amháin	Ní raibh aon seaicéad tarrthála á chaitheamh ag an bhfear seo agus bhí se ag iascaireacht ina aonar.
Bádhdh duine i gCo. an Chabháin (BITM/87)	02.06.2006	Árthach Caitheamh Aimsire Bád Oscailte	Bá	Ar 31.07.2004 chuaigh ceathrar ar thuras go Loch Síleann, Co. an Chabháin. Nuair a bhí siad ag filleadh abhaile an lá dár gcionn cailleadh fear thar bord agus fuair sé bás. Fuarthas a chorp ar 02.08.2004.	Bás amháin	Ní raibh seaicéid tarrthála á chaitheamh ag na daoine seo. D'fhéadfadh alcól agus easpa codlata a bheith i gceist anseo freisin.
Spalpin Fanach 2 (BITM/101)	31.01.2006	Árthach Iascaireachta (15 - 24 mhéadar)	Tine ar bord, chuaigh an tÁrthach go Tóin Poill	Ar 27.09.2004 sheol an t-árthach seo ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí le triúr chriú. Ar an 28.09.2004 thosaigh tine sa seomra innill. D'fhág an triúr chriú an t-árthach agus tógadh ar bord áirtheaigh iascaireachta iad.	Dada	Is dócha gur thosaigh an tine sa seomra innill agus choinnigh an t-ola agus an díosal breise a bhí ar bord leis an tine. Níor rinneadh aon iarrachtaí an tine a mhúcadh agus dá bhrí sin chuaigh an t-árthach go tóin poill.
Winkelried (BITM/88)	16.10.2006	Árthach Caitheamh Aimsire Mótorbhád	Bá	Ar 08.08.2004 chuaigh beirt chriú amach ar Loch Rí. Tháinig iascaire ar chorp amháin ar 09.10.2004 agus thángthas ar an gcorp eile ar an 14.10.2004.	2 Bhás	Ní raibh seaicéid tarrthála á chaitheamh ag an mbeirt chriú.
Megawat (BITM/109)	05.12.2006	Árthach Caitheamh Aimsire Seoil	Chuaigh an tÁrthach go Tóin Poill	Ar 26.05.2005 chuaigh an luamh Megawat go tóin poill idir Baile Átha Cliath agus an Albain. Tógadh an criú ar bord áirtheaigh eile.	Dada	Theip ar an stoc stiúrach.
Bádhdh Canúire i Loch Deirgeirt, Co. an Chláir (BITM/121)	05.12.2006	Árthach Caitheamh Aimsire Canú	Iompú béal faoi	Ar 22.01.2006 chuaigh beirt ag canúáil i gcanú Ceanadach oscailte. Bhí deacrachtaí acu agus bádhdh duine amháin.	Bás amháin	Ní raibh aon taitní ag an mbeirt chanúire ar conas canú a úsáid nó a láimhseáil go sábháilte. Freisin ní raibh ach seaicéad tarrthála amháin ar bord.

AINM	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁIL ÁRTHAIGH	CINEÁIL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁS	CÚIS AN TEAGMHAIS
Moonriver (BITM/120)	05.12.2006	Long Phaisinéirí Intíre	Bá	Ar 18.12.2005 d'fhág an Cúrsóir Pléisiúir Moonriver, an ché ag Cora Droma Rúisc. Bhí 61 phaisinéir agus 7 gcriú ar bord. Chuaigh paisinéir fireannach thar bord. Fuarthas an corp ar 19.12.2005	Bás amháin	Fear thar bord
Catherine L (BITM/114)	29.11.2006	Árthach lascaireachta (<15 mhéadar)	Bá	Ar 18.07.2005 d'fhág punta Loch Chionn Caslach, Co. Dún na nGall le haghaidh marú bradáin. Bhí duine amháin ar bord. Fuarthas an corp níos déanaí sa lá.	Bás amháin	D'fhéadfadh páirt a bheith ag drochchoinniolla cha aimsire sa teagmhas seo.
Inis Mill (BITM/99)	29.11.2006	Árthach Caitheamh Aimsire Mótárbhád	Teip caidéil /innill	Ar 08.09.2004 d'fhág an cúigear chriú an t-árthach toisc go raibh sé ag tógáil uisce. Tarrtháladh iad amach ó Thuaisceart Chorn na Breataine tar éis 8 lae a chaitheamh i rafta tarrthála.	Dada	Ní dhearna an Roinn CMNR suirbhé sábháilteachta d'ainneoin na moltaí a fuair sí. Ní dhearnadh aon tástálacha ar threalamh VHF.

Sampla de Chás a foilsíodh le linn na Bliana 2006

1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2006

Ón naoi dteagmhas a foilsíodh i mbliana, roghnaigh an Bord teagmhas amháin a tharla i 2006.

An tUasal John Buckley ar Loch Deirgeirt - BITM/121



Ar 22ú Eanáir 2006, chuaigh an tUasal John Buckley agus Iníon Lucinda Murphy ar thuras ar Loch Deirgeirt, Co. an Chláir, i gcanú Ceanadach de stíl oscailte. Chuir siad an canú ar snámh ó fhánán ag Geata an Dá Mhíle, Co. an Chláir.

Tar éis taistil siar ó thuaidh, i gcomhthreoir le líne an chladaigh, shroich siad an Muiríne ag Teachíní Saoire Loch Deirgeirt, i mbaile fearainn Áth na Carraige. Bhí deacrachtaí ag an t-árthach anseo agus d'iompaigh sé béal faoi timpeall is 25 mhéadar amach ón gcladach. Bád an tUas. Buckley.

Moladh sa tuarascáil d'úsáideoirí árthaí caitheamh aimsire glacadh leis an gCód Cleachtas d'Árthach Caitheamh Aimsire a Oibriú go Sábháilte, foilsithe ag an Ardstiúrthóireacht um Shábháilteacht Mhuirí agus ag an Roinn Iompair. Go háirithe, ba chóir do dhaoine gairis snámhachta pearsanta iomchuí a chaitheamh.

Comparaí de Thaismi/Gortuithe Muiri a Tarla le linn 2002, 2003, 2004, 2005 agus 2006

Cineál Árthaigh	2002	2003	2004	2005	2006
Longa páisinéirí / Báid pháisinéirí					
Ró – Ró Idirnáisiúnta					
Intíre				2 Bhás	
Bád Páisinéirí	5 Bhás				
Fo-iomlán	5 Bhás			2 Bhás	

Lastlonga					
Lastlonga Ginearálta		1 Bás			
Lastlong Róró		1 Bás			
Tancaeir		2 Bhás/1 Gortú			
Builciompróir			1 Gortú		
Long Choimeádán		1 Bás			
Iompróir Cairr					
Bád Oibre/Tuga/Píolóta/Báirse/Tromardaitheoir					
Fo-iomlán		5 Bhás/1 Gortú	1 Gortú		

Árthaí lascaireachta					
<15 mhéadar		1 Bás	1 Bás	3 Bhás	1 Bás
15 -24 mhéadar			4 Bhás		3 Bhás
>24 mhéadar	1 Bás	1 Bás	1 Bás		3 Bhás
Fo-iomlán	1 Bás	2 Bhás	6 Bhás	3 Bhás	7 mBás

Árthaí Caitheamh Aimsire					
Feithiclí Scairdsciála		1 Bás	1 Gortú		1 Bás/1 Gortú
Báid/Canúnna Oscailte	1 Bás	2 Bhás	6 Bhás	1 Bás	2 Bhás
Mótarbháid	2 Ghortú	2 Bhás	2 Bhás		
Báid Sheoil				2 Bhás	
Árthaí Ardluais/Báid Inséidte Chrua		1 Gortú			
Fo-iomlán	1 Bás/2 Ghortú	5 Bhás/1 Gortú	8mBás/1 Gortú	3 Bhás	3 Bhás/1 Ghortú

Cásanna Iomlána	8	17	15	11	11
Básanna Iomlána	7	12	14	8	10
Gortuithe Iomlána	2	2	2		1
Líon Iomlán na nÁrthaí le Páirt Acu sa Teagmhas	9	18	17	11	12

Compáraid idir Tuarascálacha BITM a Foilsíodh 2002, 2003, 2004, 2005 agus 2006

Cineál Árthaigh	2002	2003	2004	2005	2006
Longa pháisinéirí / Báid pháisinéirí					
Róró Idirnáisiúnta	1	2	1		
Intíre		1	1		1
Bád Paiseirí		1			
Fo-iomlán	1	4	2		1
Lastlonga					
Lastlonga Ginearálta		4	3		
Lastlong Róró				1	
Tancaeir			3		
Builciompróir		1	1		
Long Choimeádán		2	3		
Iompróir Cairr		1	1		
Bád Oibre/Tuga/Píolóta/Báirse/ Tromardaitheoir		4	3		
Fo-iomlán		12	14	1	
Árthaí lascaireachta					
<15 mhéadar		2	5	1	1
15 -24 mhéadar		3	4	5	
>24 mhéadar		5	13	1	
Fo-iomlán		10	22	7	1
Árthaí Caitheamh Aimsire					
Feithiclí Scairdsciála				1	
Báid/Canúna Oscailte		1	3	5	3
Mótarbháid		2	3		2
Báid Sheoil			2	5	
Árthaí Ardluais/Báid Inséidte Chrua			1		
Fo-iomlán		3	9	11	5
Líon Iomlán na dTuarascálacha a Foilsíodh	1	24	39	21	9
Líon Iomlán na nÁrthaí le Páirt Acu sa Teagmhas	1	29	47	26	9
Líon Iomlán na mBásanna		21	18	19	7
Líon Iomlán na nGortuithe	1	5	9	2	

Ráitis Airgeadais 2006



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanair go 31ú Nollaig 2006

Clár

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	19
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	20/21
Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	22
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	23
Cuntas Ioncaim & Caiteachais	24
Clár Comhardaithe	25
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2006	26/27

Ráiteas ar Freagrachtaí an Bhoird


Don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2006

Freagrachtaí an Bhoird

Éilítear ar an mBord le hAlt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, na cuntais go léir is iomchuí agus is gnách ar an airgid a fuair nó a chaith sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair le toiliú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don Bbord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama a dhéanamh
- A léiriú nuair a dhéantar caighdeáin chuntasaíochta ábhartha a leanúint, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha a thugtar le fios agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás nach iomchuí a thiomhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i bhfeidhm.

Tá freagracht ar an mBord leabhair chuntais chearta a choimeád, a thugann le fios go réasúnta cruinn staid airgeadais an Bhoird ag aon am, agus a chuireann ar a chumas a chuinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá freagracht ar an mBord freisin sócmhainní an Chomhlachais a ráthú, agus céimeanna réasúnta a thógáil chun cosc a chur ar chalaóis agus ar neamhrialtachtaí agus chun iad a aimsiú.



John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
11 Mean Fomhair 2007



Bridie Cullinane
Rúnaí
11 Mean Fomhair 2007

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur I l'athair Thithe an Oireachtais

Tá raitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Tá na raitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas loncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Bord Imscrúdú Taismí Muirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord Imscrúdú Taismí Muirí na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglas ábhartha dlí agus rialálúcháin agus Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis go Coitianta in Éirinn. Tugaim tuairisc freisin, i mo thuairimse, go bhfuil leabhair chuntais chearta coimeáda. Ina theannta sin, sonraím an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím feisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánaigh Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bhoird leis an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil míthreorach nó nach dtagann sé faisnéis eile ata ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile ata sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud ata, do réir cosúlachta, ina mhiráiteas no ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dheanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin,

cuimsíonn an t-íniúchaidh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'íniúchadh sa chaoi is go bhaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2006 agus a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

I é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar cheann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

17 Mean Fomhair 2007

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006

Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar cheann Bhord an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí glacaim lenár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánaigh iomchuí á choimeád agus á chur chun feidhme.

Ní féidir leis an gCóras Inmheánach ach deimhniú réasúnta a sholáthar seachas deimhniú cinnte dearfa go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha coiscthe nó aitheanta in am nó i dtréimhse tráthúil.

Nósanna Imeachta Rialaithe

Is iad seo a leanas na rialuithe airgeadais a cuireadh chun feidhme le linn na bliana:


- Fuarthas údarú ó bheirt chomhalta den Bhord ar a laghad do na híocaíochtaí uile (seachas tuarastail foirne*).
- Fuarthas údarú ó chomhalta eile le haghaidh éileamh taistil agus cothaithe agus deimhníodh iad chun go mbeadh an Rúnaí in ann an íocaíocht a dhéanamh.
- Tá cóid iompraíochta gnó curtha i ngníomh do chomhaltaí an Bhoird agus don fhoireann.
- Tugann an Rúnaí comhairle don Bhord ag a chruinnithe maidir le staid airgeadais reatha an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

D'aistrigh máthair-rannóg an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí toisc chinneadh Rialtais ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha go dtí an Roinn Iompair le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Iarradh ón Roinn Iompair maolú ó choiste iniúchóireachta a bhunú agus ó fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh. Roimhe sin iarradh an maolú ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha.

Athbreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím maidir leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2006, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Sínithe thar cheann an Bhoird.



John G O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
11 Mean Fomhair 2007

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006

1. Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Chuaigh an Bord i mbun oibre ar 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmiúil é ar 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha a bhaineann leis na himscrúduithe sin.

2. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na raitis airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil i bhfoirm ceadaithe ag an Aire Iompair, le toiliú ón Aire Airgeadais, faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe, ach amháin mar a leagtar amach thíos, de réir cleachtais chuntasaíochta a ghlactar leis go ginearálta. Glactar le Caighdeán tuairiscithe Airgeadais, molta ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, mar a thagann siad in éifeacht.

3. Tréimhse na Raiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais seo an tréimhse 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2006.

4. Deontais Oireachtais

Is é atá i nDeontais an Oireachtais ná iomlán na bhfáltas airgid don bhliain a tháinig ón Roinn Iompair agus na n-íocaíochtaí a rinne na Rannóga iomchuí i leith fhoireann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí*.

5. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Taispeántar Sócmhainní Seasta ag a gcostas. Soláthraítear dímheas de réir méid chothroim mar a leanas:

Trealamh Oifige 5 bliana

6. Cuntas Caipitil

Is é atá sa chuntas caipitil ná luach amúchadh an ioncain a úsáidtear do chúiseanna caipitil.

7. Aoisliúntas

Tagann comhaltaí* an Bhoird atá ar iasacht faoi shocruithe pinsin na Rannóige.

*Nóta: Bhí beirt chomhalta foirne lánaimseartha ag an BITM i 2006, duine amháin ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus duine eile ón Roinn Iompair.

Cuntas Ioncaim & Caiteachais 2006

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €	2005
Ioncam:			
Deontas Oireachtais		286,916	210,959
Ús ar Thaiscí		112	-
		287,028	210,959
Aistriú go Cuntas Caipitil	3	(3,200)	-
		283,828	210,959
Caiteachas:			
Tuarastail Foirne		86,916	75,959
Taillí Chomhaltaí an Bhoird		17,776	17,776
Seomraí Cruinnithe ar Cíos		-	1,817
Clódoireacht, Postas agus Páipéarachas		32,878	30,223
Cothabháil an Suímh Gréasáin		359	664
Costais Imscrúdú Timpistí		26,240	842
Taisteal & Cothú - Comhaltaí an Bhoird		5,943	12,385
Cíos		12,000	-
Táillí Dlíthiúla & Gairmiúla		6,452	-
Cuntasaíocht		12,996	10,083
Costais Rúnaíochta		(4,500)	4,500
Taillí Iniúcháireachta		6,240	6,240
Taillí Bainc		79	56
Dímheas		800	-
Costais Éagsúla		1,637	1,203
		205,816	161,748
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		78,012	49,211
Barrachas Carntha 1 Eanáir		18,122	(31,089)
Barrachas Carntha 31 Nollaig		96,134	18,122

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 10.

John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
11 Mean Fomhair 2007

Bridie Cullinane
Rúnaí
11 Mean Fomhair 2007

Clár Comhardaithe 2006

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €	2005
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	1	3,200	-
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe		46	6,218
Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh	2	150,762	51,532
		150,808	57,750
Creidiúnaithe - Suimeanna a bhí dlite laistigh de bhliain amháin			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	3	(54,674)	(39,628)
Glansócmhainní Reatha		96,134	18,122
Sócmhainní Iomlána Lúide Fiachas Reatha		99,334	18,122
Caipiteal agus Cúlchistí			
Cuntas Caipitil	4	3,200	-
Cuntas Ioncaim & Caiteachais		96,134	18,122
		99,334	18,122

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 10.

John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
11 Mean Fomhair 2007

Bridie Cullinane
Rúnaí
11 Mean Fomhair 2007

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006

Nota 1	Sócmhainní Seasta Inláimhsithe - Trealamh Oifige	2006	2005
	Costas		
	larmhéid Tosaigh 1 Eanáir	-	-
	Costais Bhreise	4,000	-
	Diúscairtí	-	-
	larmhéid Deiridh 31 Nollaig	4,000	-
	Dímheas		
	larmhéid Tosaigh 1 Eanáir	-	-
	Diúscairtí	-	-
	Muirear don Tréimhse	800	-
	larmhéid Deiridh 31 Nollaig	800	-
	Glanluachanna Leabhar		
	Ag 31 Nollaig	3,200	-
Nota 2	Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh		
	Cuntas Reatha	40,696	51,532
	Cuntas Taisce	110,066	-
		150,762	51,532
Nota 3	Creidiúnaithe - Suimeanna a bhí dlite laistigh de Bhliain Amháin		
	Costais Fhabhráithe	54,674	39,628
Nota 4	Cuntas Caipitil		
	larmhéid Tosaigh 1 Eanáir 2006		-
	Ioncam Leithdháilte chun Chríocha Caipitil	4,000	-
	Amúchadh de réir Dímheasa	(800)	-
	Aistriú go Cuntas Ioncaim & Caiteachais	3,200	-
	larmhéid amhail an 31 Nollaig 2006	3,200	-
Nota 5	Taillí Gairmiúla		

Níor íoc an Bord Imscrúdú Taismí Muirí as aon táillí d'Imscrúdaitheoirí Muirí toisc go raibh na himscrúdaitheoirí fostaithe ag Oifig na Suirbhéireachta Muirí an Rannóg Iompair.

Nota 6 Fostaithe agus Aoisliúntas

Bhí beirt chomhalta foirne lánaimseartha ag an BITM i 2006, duine amháin ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha agus duine eile ón Roinn Iompair. Aisiocadh costais foirne leis na Rannóga ó leithdháileadh deontais an Bhoird.

Nota 7 Costais Oibriúcháin

Íocann an Bord as a chostais oibriúcháin féin, seachas as na seirbhísí seo a leanas a sholáthraíonn an Roinn Iompair saor in aisce:

- Guthán agus Facs
- Páipéarachas
- Glanadh
- Costais oifige eile lena n-áirítear soilsiú agus téamh.

Nota 8 Cánachas

De réir Ailt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon chánachas nó ní mór cánachas a sholáthar sna ráitis airgeadais.

Nota 9 Cánachas

De réir Ailt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon chánachas nó ní mór cánachas a sholáthar sna ráitis airgeadais.

Nota 10 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomhaigh an Bord na ráitis airgeadais ar an 11ú Mean Fómhair 2007.



Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01-6782460. Facs: 01-6783129. www.mcib.ie